## Turas Foghlama - Matamaitice

**<u>An Chéad Bliain – Meán Fómhair 2018 ar aghaidh</u>**

**Téigh i ngleic le torthaí Foghlama sa Snáithe Aontaitheach agus sna Snáitheanna Comhthéacsúla**

**Tacaíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim**

**<u>An Dara Bliain – Meán Fómhair 2019 ar aghaidh</u>**

**Téigh i ngleic le torthaí Foghlama sa Snáithe Aontaitheach agus sna Snáitheanna Comhthéacsúla**

**Tacaíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim**

**MRB 1: Iniúchadh Matamaiticiúil**

**Cruinniú AFMÁ**

**Tuairiscítear Torthaí MRB 2 ag úsáid tuairisceoirí**

**<u>An Tríú Bliain– Meán Fómhair 2020 ar aghaidh</u>**

**Téigh i ngleic le torthaí Foghlama sa Snáithe Aontaitheach agus sna Snáitheanna Comhthéacsúla**

**Tacaíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim**

**MRB 2: Iniúchadh Staitistiúil**

**Cruinniú AFMÁ**

**Tuairiscítear Torthaí MRB 2 ag úsáid tuairisceoirí**

**Tasc Measúnachta (10% den mharc Scrúdaithe Deiridh)**
**Scrúdú Deireanach**



## Áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

- **www.curriculumonline.ie** - Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar a bhfaighidh tú príomhdhoiciméid amhail an tSonraíocht don Mhatamaitic, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measunachta.
- **www.juniorcyle.ie** -Faightear anseo na hUirlisí Úsáide Measúnaithe a ceapadh chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do mhúinteoirí ina gcuid obair mheasúnaithe sa tSraith Shóisearach.
- **www.jct.ie** - Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Is í aidhm an SSM cabhrú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a sholáthar.
- Laistigh de do roinn ábhair féin i do scoil féin, cuirtear comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc chun cinn trí chruinnithe AFMÁ agus tríd an am gairmiúil a leithdháiltear.
- Tá foireann de chomhairleoirí lánaimseartha ag an SSM ar féidir dul i teagmháil leo ar r-phost ag: info@jct.ie
  Lean muid ar Twitter @JCforTeachers agus go díreach leis an bhfoireann mhatamataice @JctMaths

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

# Eolas ar Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

## Is í aidhm Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí scoláirí a spreagadh ina gcuid:

- Tuiscint Choincheapúil – tuiscint ar choincheapa, oibríochtaí agus ar ghaoil i matamaitic
- Líofacht Ghnásúil – an scil a theastaíonn chun gnásanna a dhéanamh go solúbtha cruinn éifeachtach cuí
- Inniúlacht Straitéiseach – an cumas chun fadhbanna matamaiticiúla a leagan amach, a léiriú agus a réiteach, i gcomhthéacsanna aithnide agus neamhaithnide
- Réasúnaíocht Oiriúnaitheach – an cumas chun smaoineamh go loighciúil, chun machnamh, míniú, cosaint agus cumarsáid a dhéanamh
- Méin Tháirgiúil – buanchlaonadh sa scoláire chun féachaint ar an matamaitic mar ábhar ciallmhar, úsáideach, fóinteach, mar aon le meas ar dhúthracht, buanseasmhacht agus ar a éifeachtúlacht fhéin

## Struchtúr ár Sonraíochta

Forbhreathnú: Tá sé de chuspóir ag an tsonraíocht le haghaidh mhatamaitic na sraithe sóisearaí cumas an scoláire smaoineamh go loighciúil, go straitéiseach, go criticiúil agus go cruthaitheach a fhorbairt tríd an **Snáithe aontach** agus na ceithre shnáithe chomhthéacsúla: **Uimhreas**; **Céimseata agus triantánacht**; **Ailgéabar agus feidhmeanna**; agus **Staitisticí agus dóchúlacht**. Tá Snáithe Aontaitheach ann a bhfuil a rian le feiceáil fud fad na Snáitheanna Comhthéascúla. Ta sé comhdhéanta de na sé eilimintí den tsonraíocht. Níl aon inneachar sainiúil nasctha leis an Snáithe Aontaitheach; Ina áit sin, is iad na torthaí foghlama atá leis a thugann bunús don chuid eile den tsonraíocht.

Baineann gach toradh foghlama sa snáithe seo le gach gníomhaíocht agus gach ábhar sna ceithre shnáithe eile – mar shampla, ba chóir go bhféadfadh scoláirí tarraingt ar a gcuid eolais agus scileanna sa mhatamaitic chun fadhb a réiteach nó chun matamaitic a chur in iúl.
Tá na Gnéithe sa Snáithe Aontaitheach idirspleách, sa chaoi gur chóir do scoláirí na scileanna éagsúla a bhaineann le gach Gné a fhorbairt ag an aom céanna, seachas ar bhonn scoite.




## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad **Torthaí Foghlama** i Sonraíochtaí curaclaim chun cur síos a dhéanamh ar an **eolas** agus ar an **tuiscint**, na **scileanna** agus na **luachanna** a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú tar éis tréimhse teagaisc. Aithníonn sonraíocht na Matamaitice 34 toradh foghlama. Gheobhaidh scoláirí léargas ar thorthaí foghlama trí thascanna saibhre réitithe fadhbanna agus trí eispéiris foghlama tharraingteacha.

Mínítear go sonrach sa tSonraíocht go mbaineann na Torthaí Foghlama le trí bliana agus mar sin de na Torthaí Foghlama a ndírítear orthu ag pointe áirithe ama ní gá go mbeadh siad críochnaithe', ach leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim Matamaitice scoláire chomh fada le deireadh na sraithe sóisearaí.
Déantar Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le linn gnátham ranga. Beidh siad cosúil go maith lena dtarlaíonn de ghnáth sa seomra ranga. Tá sé ceaptha go gcruthóidh MRBnna deiseanna do scoláirí a gcuid foghlama a thaispeáint i réimsí a bhíonn deacair a chlúdach i scrúdú amaithe le peann agus páipéar.
Tarlaíonn an chéad MRB sa dara bliain nuair a bheidh scoláirí ag plé le himscrúdú matamaiticiúil ag úsáid timthriall réiteach fadhbanna. Bíonn an dara MRB ann sa tríú bliain nuair a dhéanfaidh scoláirí iniúchadh staitistiúil ag úsáid timthriall iniúchadh staitistiúil. Tar éis gach MRB bronnfaidh múinteoirí tuairiscín sealadach bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta mar atá siad leagtha amach sna Treoirlínte Measúnaithe. Beidh múinteoirí páirteach i gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina roinnfidh siad agus ina bpléifidh siad a gcuid measúnuithe ar shaothar scoláirí agus ina dtiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama na scoláirí. Is féidir na tuairiscíní sealadacha a athrú nó gan iad a athrú tar éis an chruinnithe AFMÁ. Cuirtear na tuairiscíní in iúl do thuismitheoirí ag úsáid chóras tuairiscithe na scoile agus coinnítear taifead dóibh le cur isteach ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).
Tarlaíonn Tasc Measúnaithe (TM) sa tríú bliain. Is é an CNCM a shonraíonn an TM agus baineann sé leis na torthaí foghlama ar a mbíonn MRB 2 bunaithe. Is féidir go mbeadh ábhar agus leagan amach an TM éagsúil ó bhliain go bliain. Cuirtear an TM ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena cheartú. Is ionann an TM agus 10% de mharc an Scrúdaithe Dheiridh.
Déantar taifead de thorthaí na MRBnna agus de thoradh an CSS ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).